2026/937

21.5.2026

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 5/2026

## an 6 Feabhra 2026

## lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/937]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1254 ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2025 maidir le ribeaflaivin arna táirgeadh as *Eremothecium ashbyi* CCTCCM 2019833, i bhfoirm táirge coipthe díghníomhaithe triomaithe, a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speiceas ainmhíoch ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 676 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1928 ón gCoimisiún) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'677. **32025 R 1254**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1254 ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2025 maidir le ribeaflaivin arna táirgeadh as *Eremothecium ashbyi* CCTCCM 2019833, i bhfoirm táirge coipthe díghníomhaithe triomaithe, a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speiceas ainmhíoch (IO L, 2025/1254, 26.6.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1254 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L, 2025/1254, 26.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1254/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN